# COMHAONTÚ COMHROINNTE SONRAÍ

## Idir

**An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta**

**agus**

**Ard-Mhúsaem na hÉireann**

## De bhun

**An Achta um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, 2019**

## Chun críche

**Comhroinnt sonraí roimh chomhairliúchán maidir le hOrdacháin ón Aire.**

# Clár Ábhar

**Léirmhíniú** ... 3
**Comhaontú Comhroinnte Sonraí** ... 4
**1. Meastóireacht ar Mheasúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (MTCS)** ... 5
**2. Cuspóir na Comhroinnte Sonraí** ... 7
**3. Sonraí atá le comhroinnt** ... 10
**4. Feidhm na bPáirtithe** ... 11
**5. Bunús Dlí** ... 12
**6. Tuinseamh do Chomhroinnt Sonraí** ... 13
**7. Catagóirí Sonraí Comhroinnte** ... 14
**8. Fad agus Minicíocht** ... 15
**9. Conas a phróiseálfar sonraí** ... 16
**10. Srianta** ... 18
**11. Bearta Slándála** ... 19
**12. Coinneáil** ... 25
**13. Modhanna a Úsáidtear chun Sonraí a Scrios** ... 27
**14. Tarraingt siar as an gComhaontú** ... 29
**15. Nithe Eile** ... 30
**16. Sceideal A - Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí** ... 32
**17. Sceideal B** ... 33
**18. Sceideal C** ... 35
**19. Sínitheoir Údaraithe** ... 36
**Ráiteas na nOifigeach Cosanta Sonraí** ... 37

# Léirmhíniú

| SAINMHÍNIÚ | BRÍ |
|---|---|
| **Rialaitheoir sonraí** | Ag a bhfuil an bhrí a thugtar dó ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (2016/679). |
| **Páirtí a nochtann sonraí** | Ciallóidh sé an Páirtí a aistreoidh sonraí pearsanta chuig an bPáirtí nó chuig na Páirtithe a fhaigheann iad. |
| **Páirtí a fhaigheann sonraí** | Ciallóidh sé an Páirtí a fhaigheann sonraí pearsanta ón bPáirtí a nochtann sonraí. |
| **Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (MTCSP)** | Ciallaíonn sé measúnú a dhéantar chun críocha Airteagal 35 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. |
| **RGCS** | Glacfar leis mar thagairt don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (2016/679) lena n-áirítear cibé reachtaíocht ghaolmhar a cheadóidh Tithe an Oireachtais. |
| **Príomhghníomhaireacht** | Tagraíonn sé don Pháirtí sa chomhaontú seo atá freagrach as na feidhmeanna atá leagtha amach in 18(2), 18(3), 21(3), 21(5), 22(1), 55(3), 56(1), 56(2), 57(4), 58, 60(1) agus 60(4) den Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí 2019. |
| **Sonraí Pearsanta** | Ag a bhfuil an bhrí a thugtar dó ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (2016/679). |
| **Sárú ar shonraí pearsanta** | Ag a bhfuil an bhrí a thugtar dó ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (2016/679). |
| **Próiseáil** | Ag a bhfuil an bhrí a thugtar dó ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (2016/679). |
| **Comhlacht Seirbhíse Poiblí (CSP)** | A chiallaíonn Comhlacht Poiblí mar a shainmhínítear in alt 10 den Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, 2019. |
| **Sonraí pearsanta comhroinnte** | A chiallaíonn sonraí a roinntear de bhun an chomhaontaithe seo. |

*Tábla 1.0*

# Comhaontú Comhroinnte Sonraí

## IDIR

Cuir isteach ainm na Príomhghníomhaireachta, ag a bhfuil a seoladh cláraithe ag:

| AINM NA PRÍOMHGHNÍOMHAIREACHTA | SEOLADH |
|---|---|
| **An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta** | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta, Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1 |

## AGUS

Cuir isteach ainm(neacha) Páirtí/Páirtithe Eile sa chomhaontú, ag a bhfuil a sheoladh cláraithe ag:

| AINM AN PHÁIRTÍ | SEOLADH |
|---|---|
| **Ard-Mhúsaem na hÉireann** | Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2 |

Cuir isteach sraitheanna de réir mar is cuí

Aontaíonn na Páirtithe leis seo go nglacfaidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ról na Príomhghníomhaireachta chun críche an Chomhaontaithe Comhroinnte Sonraí seo.

Is rialaitheoirí sonraí as a gceart féin iad gach ceann de na Páirtithe sa chomhaontú seo agus sonraí pearsanta á bpróiseáil acu thar a gceann féin, chun a gcríoch féin.

# 1. Meastóireacht ar Mheasúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (MTCS)

Trí MTCS a chur i gcrích is féidir cuidiú le rialaitheoirí sonraí a gcuid oibleagáidí maidir leis an dlí um chosaint sonraí a chomhlíonadh. Leagtar amach in Airteagal 35 den RGCS cén uair a bhíonn MTCS de dhíth.

Ba cheart do rialaitheoirí sonraí athmheasúnú tréimhsiúil a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le gníomhaíochtaí próiseála atá ann cheana féin lena thuigbheáil an bhfuil gá le MTCS anois.

## 1.1 A aithint cé acu atá MTCS de dhíth nó nach bhfuil

Is féidir leis an seicliosta thíos cuidiú le heagraíochtaí a thuigbheáil má bhíonn MTCS de dhíth orthu uathu de bhun Airteagal 35 RGCS le tacú lena gcomhaontú comhroinnte sonraí. Ba cheart na ceisteanna a fhreagairt maidir leis an tionscadal iomlán a bhfreagraíonn an sciar sonraí dó. Cinntíonn sé sin go mbíonn an deis ag Comhlachtaí Seirbhís Phoiblí a bheith trédhearcach agus meastóireacht á déanamh ar rioscaí i dtaca leis na sonraí a bhíonn riachtanach don phróiseas seo.

Baineann comhlánú MTCS leis an chomhaontú comhroinnte sonraí seo mar go n-iarrfar ort achoimre a sholáthar ar aon MTCS a dhéantar i gCuid 16 den doiciméad seo.

Ba cheart don Phríomhghníomhaireacht na ceisteanna thíos a chomhlánú i gcuideachta na bPáirtithe Eile a bhfuil baint acu leis an chomhaontú comhroinnte sonraí seo. Téigh i dteagmháil le do OCS maidir leis an cheanglas MTCS a chur i gcrích.

| | AN BHFUIL NA NITHE SEO A LEANAS i gCEIST LEIS AN: bPRÓISEAS: | Tá / Níl |
|---|---|---|
| 1.1.1 | Próiseáil a rinneadh roimh an 25 Bealtaine 2018? | Tá |

*Tábla 1.1*

Más **'Tá' do fhreagra** lean ort go dtí 1.2
Más **'Níl' do fhreagra** téigh go dtí 1.1.2

| | AN BHFUIL NA NITHE SEO A LEANAS i gCEIST LEIS AN: bPRÓISEAS: | Tá / Níl |
|---|---|---|
| 1.1.2 | An bhfuil na sonraí pearsanta á bpróiseáil ar chúis nua? | Níl |
| 1.1.3 | Cineálacha nua teicneolaíochta a bheith á dtabhairt isteach | Níl |

*Tábla 1.2*

Más **'Tá' do fhreagra** ar ceachtar den dá cheist dheireanacha, lean ort go dtí **1.1.4.**
Más **'Níl' do fhreagra** ar an dá cheist dheireanacha, téigh go dtí **1.2.**

| | AN BHFUIL NA NITHE SEO A LEANAS i gCEIST LEIS AN: bPRÓISEAS: | Tá / Níl |
|---|---|---|
| 1.1.4 | Próiseáil ar dócha go mbeidh ardriosca do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha mar thoradh uirthi? | Níl |

*Tábla 1.3*

Más **'Tá', do fhreagra** is dócha go mbeidh ort MTCS a dhéanamh faoi Airteagal 35 den RGCS.
Más **'Níl', do fhreagra** téigh go dtí **1.2**.

## 1.2 Breithnithe Breise

Tá cúinsí teoranta ann inar cheart MTCS éigeantach a dhéanamh, fiú sa chás go raibh próiseáil ar siúl sular tháinig an RGCS i bhfeidhm[1].

| | AN BHFUIL NA NITHE SEO A LEANAS i gCEIST LEIS AN: bPRÓISEAS: | Tá / Níl |
|---|---|---|
| **1.2.1** | Meastóireacht chórasach agus fhairsing ar ghnéithe pearsanta a bhaineann le daoine nádúrtha atá bunaithe ar phróiseáil uathoibrithe, lena n-áirítear próifíliú, agus ar a bhfuil cinntí bunaithe a mbíonn éifeachtaí dlíthiúla acu a bhaineann le daoine aonair nó a mbíonn tionchar suntasach acu ar dhaoine aonair ar an dóigh chéanna. | Níl |
| **1.2.2** | Monatóireacht chórasach ar limistéar atá inrochtana don phobal ar mhórscála.. | Níl |
| **1.2.3** | Chinn an Coimisiún um Chosaint Sonraí go mbeidh MTCS éigeantach freisin do na cineálacha oibríochta próiseála seo a leanas i gcás ina dtugann scagthástáil dhoiciméadaithe nó réamh-mheasúnú riosca le fios gur dócha go mbeidh ardriosca do chearta agus do shaoirsí daoine aonair mar thoradh ar an oibríocht phróiseála de bhun Airteagal 35(1) den RGCS):<br><br>Liostaí de chineálacha oibríochtaí próiseáil sonraí a mbíonn MTCS de dhíth orthu.<br>*(mura n-oibríonn an hipearnasc seo, bain úsáid as an url seo a leanas: https://www.dataprotection.ie/sites/default/files/uploads/2020-09/Meas%C3%BAnaithe%20Tionchair%20ar%20Chosaint%20Sonra%C3%AD_0.pdfnó https://www.dataprotection.ie/ga/dpc-guidance/treoir-faoi-mheasunaithe-tionchair-ar-chosaint-sonrai )* | Níl |

***Tábla 1.4***

Más **'Tá' do fhreagra** ar cheann ar bith ansin is dócha go mbeidh ort MTCS a dhéanamh faoi Airteagal 35 den RGCS.

Más **'Níl'**, **do fhreagra** ar gach ceann b'fhéidir nach mbeadh MTCS de dhíth.

[1] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:02016R0679-20160504

# 2. Cuspóir na Comhroinnte Sonraí

## 2.1 Creat

Leagtar amach sa Chomhaontú Comhroinnte Sonraí seo an creat chun sonraí pearsanta a chomhroinnt idir na Páirtithe agus sainítear ann na prionsabail agus na nósanna imeachta a gcloífidh na Páirtithe leo agus na comhfhreagrachtaí atá idir na Páirtithe.

Tá gá leis an gcomhaontú seo chun a chinntiú go ndéanfar aon chomhroinnt sonraí pearsanta de réir RGCS agus an Achta um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, 2019, agus aontaíonn gach Páirtí a bheith faoi cheangal ag an gcomhaontú sin go dtí go gcuirfear deireadh leis an gcomhaontú, nó go dtarraingeoidh an Páirtí siar as an gcomhaontú.

Ní phróiseálfaidh na Páirtithe sonraí pearsanta comhroinnte ar bhealach nach luíonn leis na cuspóirí ábhartha ná leis an gcomhaontú seo.

Cinnteoidh na Páirtithe go mbeidh an Comhaontú Comhroinnte Sonraí oiriúnach don fheidhm, cruinn agus cothrom le dáta i gcónaí.

Déanfaidh na Páirtithe faireachán gníomhach agus athbhreithniú tréimhsiúil ar an socrú comhroinnte sonraí chun a chinntiú go leanann sé de bheith ag comhlíonadh an dlí um chosaint sonraí, go leanann sé dá chuspóir a chomhlíonadh, go leanann na coimircí de bheith ag teacht le haon rioscaí a bhaineann leis, go mbíonn taifid cruinn agus cothrom le dáta, go gcloítear leis an tréimhse choinneála sonraí a comhaontaíodh agus go gcoinnítear leibhéal iomchuí slándála sonraí.

Ní mór do na Páirtithe aghaidh a thabhairt ar na moltaí go léir a dhéanann an Bord um Rialachas Sonraí maidir leis an gComhaontú Comhroinnte Sonraí seo.

## 2.2 Comhlíonadh Feidhme

I gcás ina nochtann comhlacht poiblí sonraí pearsanta do chomhlacht poiblí eile faoin gcomhaontú seo, is chun críche feidhm de chuid na gcomhlachtaí poiblí a luaitear a chomhlíonadh, agus chun críoch amháin nó níos mó díobh seo a leanas a chomhlíonadh (roghnaigh le do thoil):

| Ní hea. | CUR SÍOS | Roghnaigh |
|---|---|---|
| I | Chun aitheantas duine a fhíorú, i gcás ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí poiblí ag soláthar nó ag moladh seirbhís a sholáthar don duine sin | ☐ |
| II | Faisnéis earráideach atá i seilbh ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí poiblí a luaitear a shainaithint agus a cheartú | ☐ |
| III | Chun an t-ualach airgeadais nó riaracháin a chuirfí murach sin ar dhuine a bhfuil nó a mbeidh seirbhís á seachadadh dó ag ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí poiblí a luaitear, sa chás go mbíonn ceann de na comhlachtaí poiblí a luaitear chun sonraí pearsanta a bhailiú go díreach ón duine sin | ☐ |
| IV | Teidlíocht duine ar sholáthar seirbhíse a dheimhniú atá á seachadadh ag ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí poiblí a luaitear, ar bhonn faisnéise a chuir an duine sin ar fáil roimhe sin do cheann amháin nó níos mó de na comhlachtaí poiblí a luaitear (nó comhlacht poiblí eile a nocht an fhaisnéis roimhe sin do cheann amháin nó níos mó de na comhlachtaí poiblí a luaitear) | ☐ |
| V | Riarachán, maoirseacht agus rialú seirbhíse, cláir nó beartais a éascú a sheachadtar nó a chuirtear chun feidhme nó atá le seachadadh nó le hur chun feidhme, de réir mar a bheidh, ag ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí poiblí a luaitear nó thar a cheann | ☒ |
| VI | Feabhas nó spriocdhíriú seirbhíse, cláir nó beartais a éascú a sheachadtar nó a chuirtear chun feidhme nó atá le seachadadh nó le cur chun feidhme, de réir mar a bheidh, ag ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí poiblí a luaitear nó thar a cheann | ☐ |
| VII | Chun gur féidir meastóireacht, maoirseacht nó athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhís, clár nó beartas a sheachadtar nó a chuirtear chun feidhme nó atá le seachadadh nó le cur chun feidhme, de réir mar a bheidh, ag ar son nó thar ceann ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí poiblí a luaitear | ☒ |
| VIII | Chun anailís a éascú ar struchtúr, feidhmeanna, acmhainní agus modhanna seachadta seirbhíse, ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí poiblí a luaitear | ☐ |

***Tábla 2.2***

## 2.3 Sonraí faoin gCuspóir

Tabhair sonraí faoi chuspóir ar leith an Chomhaontaithe comhroinnte sonraí seo.

| CUSPÓIR | CUR SÍOS |
|---|---|
| **Tábla 2.2:V Riarachán, maoirseacht agus rialú seirbhíse, cláir nó beartais a éascú a sheachadtar nó a chuirtear chun feidhme nó atá le seachadadh nó le hur chun feidhme, de réir mar a bheidh, ag ceann amháin nó** | **<u>Alt 14A d'Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 go 2014</u>**<br>Is comhairlí reachtúil é Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann maidir le hOrdacháin ón Aire mar a fhoráiltear faoi Alt 14A d'Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 go 2014.<br><br>Ceanglaíonn Alt 14A d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 [a cuireadh isteach le halt 5 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú), 2004] nach mór na hoibreacha seandálaíochta ar fad ar fhorbraíocht bóithre arna ceadú ag an mBord Pleanála a chur i gcrích de réir ordacháin arna<br>n-eisiúint ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i ndiaidh comhairliúcháin i scríbhinn le Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na |

| | |
|---|---|
| **níos mó de na comhlachtaí poiblí a luaitear nó thar a cheann**<br><br>**Tábla 2.2: VII**<br>**Chun gur féidir meastóireacht, maoirseacht nó athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhís, clár nó beartas a sheachadtar nó a chuirtear chun feidhme nó atá le seachadadh nó le cur chun feidhme, de réir mar a bheidh, ag ar son nó thar ceann ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí poiblí a luaitear** | hÉireann. Foráiltear sa chomhaontú roinnte sonraí seo do shonraí ábhartha a roinnt, lena n-áirítear sonraí pearsanta, leis an Stiúrthóir chun críocha an phróisis comhairliúcháin sin agus é mar aidhm séadchomharthaí náisiúnta a chosaint.<br>Trí na sonraí a roinnt, is féidir measúnú, maoirseacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar iarratais maidir le hOrdacháin ón Aire a eisiúint.<br><br>**<u>Ordacháin ón Aire</u>**<br>Nuair a thugann údarás pleanála (An Bord Pleanála le haghaidh na mbóithre seo) cead d'údarás áitiúil bóthar náisiúnta nua a thógáil, tá coinníollacha ag gabháil leis an gcead chun iarsmaí seandálaíocha atá i gcosán an bhóthair nua a chosaint.<br>Cuireann an t-údarás áitiúil iarratas ar chead (ar a dtugtar 'Ordacháin') faoi bhráid an Aire chun oibreacha seandálaíocha a cheadú (suirbhé chun na hiarsmaí seandálaíocha a aimsiú, tochailtí tástála seandálaíocha agus tochailt agus taifeadadh eolaíoch aon iarsmaí a aimsítear) sula gcuirtear tús leis na hoibreacha chun an bóthar a thógáil.<br>Nuair a dhéanann an t-údarás áitiúil iarratas ar Ordacháin cuireann sé an méid seo a leanas ar fáil:<br>• cóipeanna de na doiciméid phleanála (d'fhéadfadh sonraí pearsanta a bheith san áireamh) arna gcur isteach chun cead a fháil an bóthar a thógáil,<br>• an cead deonaithe (d'fhéadfadh sonraí pearsanta a bheith san áireamh) leis na coinníollacha seandálaíocha agus<br>• plean gníomhaíochta ina ndéantar cur síos ar na hoibreacha seandálaíocha atá le déanamh.<br>Ansin caithfidh an tAire cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil an plean le haghaidh na n-oibreacha seandálaíocha in ord agus Ordacháin a thabhairt don údarás áitiúil ansin chun cead a thabhairt leanúint ar aghaidh leis na himscrúduithe seandálaíocha.<br>Seoltar cóip den iarratas ar Ordacháin chuig Ard-Mhúsaem na hÉireann chun cead a thabhairt dó comhairle a chur ar an Aire má tá sé den tuairim gur chóir an t-iarratas a dheonú.<br>I ndiaidh aon chomhairle ó Ard-Mhúsaem na hÉireann a bhreithniú, déanann an tAire cinneadh agus is féidir leis/léi Ordacháin a eisiúint chuig an údarás áitiúil. |

*Tábla 2.3*

# 3. Sonraí atá le comhroinnt

## 3.1 Cáilíocht

Déanfaidh na Páirtithe gach beart réasúnach chun a áirithiú go mbeidh aon sonraí pearsanta a phróiseáiltear cruinn, coinnithe cothrom le dáta, agus go scriosfar nó go gceartófar na sonraí atá míchruinn, ag féachaint do na críocha ar ar próiseáladh iad, a luaithe is indéanta.
Ní bheidh sonraí pearsanta comhroinnte teoranta do na sonraí pearsanta a thuairiscítear i dtábla 3.4 a ghabhann leis an gcomhaontú seo agus ní roinnfear iad ach amháin ar an mbealach a leagtar amach i dtábla 11.2 atá le fáil ann. I gcás ina gcuireann an t-ábhar sonraí sonraí míchruinne in iúl do pháirtí is faighteoir, tá sé d'oibleagáid ar an bpáirtí sin fógra a thabhairt don pháirtí nochta.

## 3.2 Cearta Ábhair

Sa mhéid go bpróiseálann an Páirtí/na Páirtithe a fhaigheann sonraí na sonraí pearsanta comhroinnte, mar rialaitheoir sonraí, déileálfaidh an Páirtí/na Páirtithe a fhaigheann sonraí le hábhair sonraí agus iad ag feidhmiú na gceart atá leagtha amach san RGCS, lena n-áirítear an ceart rochtana, an ceart chun ceartúcháin, scriosta, srianadh próiseála agus iniomparthacht sonraí, ach gan a bheith teoranta dóibh.

Tá sé de cheart ag ábhair sonraí faisnéis áirithe a fháil faoi phróiseáil a gcuid sonraí pearsanta trí iarratas ar rochtain ar ábhar sonraí.

Is é / iad an Páirtí / na Páirtithe a fhaigheann sonraí a dhéileálfaidh go díreach le hiarratais ar rochtain ar ábhar sonraí maidir le sonraí a phróiseálann siad. Déileálfaidh siad go díreach le hiarratais ar rochtain ar ábhar sonraí maidir le sonraí a phróiseálann an Páirtí/na páirtithe a nocht sonraí roimh an aistriú.

## 3.3 Comhroinnt le Triú Páirtithe

Ní roinnfidh an Páirtí/na páirtithe a fhaigheann sonraí sonraí comhroinnte an duine le haon duine nár údaraíodh chun na sonraí sin a phróiseáil.

## 3.4 Mionsonraí na faisnéise atá le nochtadh

Tabhair mionsonraí faoin tacar sonraí pearsanta atá le nochtadh agus mionsonraí aon sonraí neamhphearsanta.

Tabhair faoi deara:

Má bhíonn na sonraí neamhphearsanta agus na sonraí pearsanta nasctha le chéile sa mhéid is go mbeidh na sonraí neamhphearsanta in ann ábhar sonraí a shainaithint, beidh feidhm iomlán ag na cearta agus na hoibleagáidí cosanta sonraí a thagann chun cinn faoin RGCS maidir leis an tacar sonraí measctha iomlán, fiú más cuid bheag den tacar iad na sonraí pearsanta.

| | CUR SÍOS |
|---|---|
| **Sonraí Pearsanta Comhroinnte** | Ainm an Iarrthóra, Seoladh an Iarrthóra, Ainmneacha an Oifigigh Údaraithe, Seandálaí an Tionscadail, Comhairleoir agus Stiúrthóir, Seoltaí ríomhphoist agus Uimhir/Uimhreacha teileafóin do gach ceann thuas mar a leagtar amach ar an bhfoirm iarratais iad. |
| **Sonraí Neamhphearsanta** | Cúis leis na hoibreacha, suíomh cruinn, sonraí bealaigh, Uimhir Ordú Ceadúcháin an Bhoird Phleanála, dáta faofa an ABP, teideal an Ráitis Tionchair Timpeallachta, cur síos ar na hoibreacha atá beartaithe. |

*Tábla3.4*

# 4. Feidhm na bPáirtithe

## 4.1 Feidhm na bPáirtithe

I dtábla 4.1 thíos:

i. Sonraigh feidhm an pháirtí a nochtann sonraí lena mbaineann cuspóir (mar a shainmhínítear i dtábla 2.3) na comhroinnte sonraí

ii. Sonraigh feidhm an pháirtí a fhaigheann sonraí lena mbaineann cuspóir (mar a shainmhínítear i dtábla 2.3) na comhroinnte sonraí.

| PÁIRTÍ | | FEIDHM |
|---|---|---|
| **i.** | **An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta** | Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta don Aire arb é an t-údarás ceadúnúcháin é faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 go 2014. Tá Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta freagrach as feasacht agus meas ar oidhreacht seandálaíochta na hÉireann a chothú agus as Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 go 2014, a chur i bhfeidhm maidir le cosaint séadchomharthaí seandálaíochta agus longbhristeacha stairiúla agus maidir le raon gníomhaíochtaí a cheadúnú nó a rialáil. |
| **ii.** | **Ard-Mhúsaem na hÉireann** | Tá Ard-Mhúsaem na hÉireann freagrach as oidhreacht iniompartha na hÉireann a fháil, a chaomhnú, a chosaint, a léirmhíniú agus as taighde a dhéanamh uirthi.<br>Tá ról reachtúil comhairleach ag Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann sa phróiseas ceadúnaithe tochailte faoi théarmaí Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 go 2014, chomh maith le bheith ina chomhairleach reachtúil i ndáil le hOrdacháin ón Aire mar a fhoráiltear faoi Alt 14A d'Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 go 2014. Is é Bord Ard-Mhúsaem na hÉireann an t-údarás ceadúnaithe chun ceadúnais a eisiúint chun réada seandálaíochta a athrú agus a easpórtáil faoi théarmaí Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 go 2014 |

*Tábla 4.1*

# 5. Bunús Dlí

## 5.1 Forais Dlí

Chun na gcríoch a shainaithnítear sa Chomhaontú Comhroinnte Sonraí seo, deimhníonn na Páirtithe go bhfuil comhroinnt agus próiseáil bhreise na sonraí pearsanta sainithe bunaithe ar na forais dhlíthiúla a leagtar amach in 5.1.1 agus 5.1.2.

### 5.1.1 Forálacha Reachtacha Iomchuí

Sainmhínigh an fhoráil chuí dlí le haghaidh tuilleadh próiseála bunaithe ar an méid seo a leanas:

i. tá an phróiseáil riachtanach chun an tasc a chomhlíonadh a chuirtear i gcrích ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údarás oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir (RGCS Airteagal 6.1 (e))

Sonraigh an oibleagáid dhlíthiúil maidir le comhroinnt sa tábla thíos.

| REACHTAÍOCHT | CUR SÍOS |
|---|---|
| | Tá an phróiseáil seo dleathach faoi Airteagal 6(1)(e) GDPR agus faoi alt 14A d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 (arna leasú), agus faoi reachtaíocht an Achta um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, Alt 13 den Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí. M.sh. S.13(2)(a)(ii)(V) agus (VII). |

***Tábla 5.1.1***

### 5.1.2 Forálacha Reachtacha Cuí le haghaidh Tuilleadh Próiseála

Sainmhínigh an fhoráil dlí iomchuí maidir le comhroinnt bunaithe ar an méid seo a leanas:

| REACHTAÍOCHT | CUR SÍOS |
|---|---|
| | Neamhbhainteach – Ní dhéantar aon phróiseáil bhreise |

***Tábla 6.1.2***

# 6. Cionsiocair le Comhroinnt Sonraí

Sonraigh an chionsiocair (an t-inspreagadh nó an cás ina mbeidh sochair á mbaint amach) maidir leis na sonraí a roinnt faoin gcomhaontú.

| TIOCFAIDH AN CHIONSIOCAIR CHUN SONRAÍ A NOCHTADH Ó: | CUIR TIC DE RÉIR MAR IS CUÍ |
|---|---|
| **i. An t-ábhar sonraí** | ☐ |
| **ii. Comhlacht Poiblí** | ☒ |

***Tábla 7.0***

# 7. Catagóirí Sonraí Comhroinnte

Féadfaidh na sonraí pearsanta a roinntear a bheith i ndáil le hábhair sonraí aonair agus / nó le haicmí ábhair sonraí. Is féidir aicmí ábhair sonraí a shainmhíniú de réir na bpáirtithe atá i gceist agus roinnt samplaí a d'fhéadfadh a bheith ann ná custaiméirí, díoltóirí, soláthróirí, cuairteoirí, srl.

Is é is sonraí comhiomlánaithe ann faisnéis a bhailítear agus a chuirtear in iúl i bhfoirm achomair chun críocha amhail anailís staidrimh, agus mar sin ní sonraí pearsanta iad chun críocha an dlí um chosaint sonraí agus RGCS agus níl siad mar an gcéanna le haicmí ábhar sonraí.

Roghnaigh ón tábla thíos agus déan trácht de réir mar is cuí.

| CATAGÓIR | | TRÁCHT |
|---|---|---|
| **Ábhar Sonraí Aonair** | ☒ | Baineann na sonraí iomlán a roinntear go díreach le haon oibreacha de chinéal seandálaíochta a dhéanfar I leith forbartha bóthair ceadaithe. |
| **Aicmí na nÁbhar Sonraí** | ☐ | |

***Tábla 8.0***

# 8. Fad agus Minicíocht

## 8.1 Fad

Sainmhínigh dátaí tosaigh agus deiridh an aistrithe faisnéise:

i. Cuirfear tús leis an gComhaontú Comhroinnte Sonraí an 13.06.2023 agus cuirfear deireadh leis an [cuir isteach an dáta]

## 8.2 Minicíocht

Léirigh an cineál aistrithe a bheidh ag teastáil le cur síos.

| CINEÁL | | CUR SÍOS |
|---|---|---|
| **Uair amháin** | ☒ | Agus gach iarratas ar Ordachán ón Aire á phróiseáil |
| **Nuashonruithe minice/rialta** | ☐ | |
| **Minicíocht eile** | ☐ | . |

***Tábla 9.2***

# 9. Conas a phróiseálfar sonraí

## 9.1 Oibleagáidí na bPáirtithe maidir le Próiseáil Chóir agus Dhleathach

Áiritheoidh gach Páirtí go bpróiseálann sé na sonraí pearsanta comhroinnte go cothrom agus go dleathach. Comhlíonfaidh gach ceann acu ceanglais an Achta um Chosaint Sonraí 2018, RGCS agus aon reachtaíocht lena leasaítear nó lena leathnaítear sin, i ndáil leis na sonraí a mhalartaítear.

Gabhann gach Páirtí air féin na prionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den RGCS a chomhlíonadh, agus faisnéis faoin gComhaontú Comhroinnte Sonraí seo á nochtadh.

Áiritheoidh an dá Pháirtí, i ndáil le sonraí pearsanta comhroinnte, go soláthróidh an t-oifigeach faisnéis leordhóthanach do na hábhair sonraí chun go dtuigfidh siad cad iad na comhpháirteanna dá sonraí pearsanta atá á gcomhroinnt ag na Páirtithe, na críocha chun sonraí a chomhroinnt agus céannacht an chomhlachta lena roinntear na sonraí nó tuairisc ar an gcineál eagraíochta a gheobhaidh na sonraí pearsanta.

## 9.2 Cur síos ar phróiseáil

Déan cur síos ar an gcaoi a ndéanfaidh gach páirtí glactha an fhaisnéis nochta a phróiseáil.

<table>
<tr><th></th><th>CUR SÍOS AR PHRÓISEÁIL</th></tr>
<tr><td>Ard-Mhúsaem na hÉireann</td><td>Údarás Áitiúil<br>Nuair a dhéanann an t-údarás áitiúil iarratas ar Ordacháin cuireann sé an méid seo a leanas ar fáil:<ul><li>cóipeanna de na doiciméid phleanála (d'fhéadfadh sonraí pearsanta a bheith san áireamh) arna gcur isteach chun cead a fháil an bóthar a thógáil,</li><li>an cead deonaithe (d'fhéadfadh sonraí pearsanta a bheith san áireamh) leis na coinníollacha seandálaíocha agus</li><li>plean gníomhaíochta ina ndéantar cur síos ar na hoibreacha seandálaíocha atá le déanamh.</li></ul><br>Ard-Mhúsaem na hÉireann<br>Tarchuirtear cóip den iarratas ar Ordacháin chuig Ard-Mhúsaem na hÉireann chun cead a thabhairt dó comhairle a chur ar an Aire má tá sé den tuairim gur chóir an t-iarratas a dheonú.<br><br>Úsáidfidh Ard-Mhúsaem na hÉireann an fhaisnéis a gheofar chun aon ráitis nó tuairimí a d'fhéadfadh a bheith aige maidir le hiarratas ar leith a chur ar aghaidh chuig Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta roimh aon chinneadh maidir leis an iarratas sin a dhéanamh.<br><br>An tAire<br>I ndiaidh aon chomhairle ó Ard-Mhúsaem na hÉireann a bhreithniú, déanann an tAire cinneadh agus is féidir leis/léi Ordacháin a eisiúint chuig an údarás áitiúil. Nuair a bheidh cinneadh déanta, is féidir leis an Aire Ordacháin a thabhairt don údarás áitiúil chun cead a thabhairt don údarás áitiúil imscrúduithe seandálaíocha a dhéanamh</td></tr>
</table>

*Tábla 9.2*

## 9.3 Próiseáil Bhreise

i. Sonraigh aon phróiseáil bhreise a dhéanann an Páirtí nó na Páirtithe a fhaigheann sonraí faoi na sonraí pearsanta a nochtann an comhlacht nochta faoin gComhaontú Comhroinnte Sonraí seo.

| | SONRAIGH TUILLEADH PRÓISEÁLA |
|---|---|
| **Ard-Mhúsaem na hÉireann** | Neamhbhainteach – ní dhéantar aon phróiseáil bhreise |

*Tábla 9.3.1*

# 10. Srianta

Sonraigh aon srianta ar nochtadh faisnéise tar éis don Pháirtí nó do na Páirtithe sonraí a fháil a phróiseáil ar na sonraí pearsanta a nochtann an comhlacht nochta faoin gComhaontú Comhroinnte Sonraí seo. Cuir síos ar na srianta, más ann dóibh, a bhfuil feidhm acu maidir le tuilleadh faisnéise a nochtadh i dtábla 10.0 thíos.

| | SRIANTA AR NOCHTADH TAR ÉIS PRÓISEÁLA |
|---|---|
| **Ard-Mhúsaem na hÉireann** | Seachas nuair a cheanglaítear leis an dlí, níor cheart d'AMÉ na sonraí pearsanta a nochtadh gan cead sainráite ó Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta. |

***Tábla 10.0***

# 11. Bearta Slándála

## 11.1 Slándáil agus Oiliúint

Cloífidh an dá Pháirtí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach i dtábla 11.2 thíos, maidir le haistriú agus fáil sonraí.

Aontaíonn an Páirtí/na páirtithe a fhaigheann sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 32 den RGCS, bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme chun na sonraí pearsanta comhroinnte atá ina seilbh a chosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach, go háirithe ó scriosadh, caillteanas, athrú, nochtadh neamhúdaraithe na sonraí pearsanta comhroinnte a tarchuireadh, a stóráiltear nó a phróiseáiltear ar bhealach eile de thaisme nó neamhdhleathach.

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh leis sin, ach níl sé teoranta dóibh:

- Beartais, treoirlínte agus nósanna imeachta lena rialaítear slándáil faisnéise.
- Cosaint pasfhocail le haghaidh rochtain ar ríomhaire.
- Glasáil uathoibríoch ríomhairí díomhaoine.
- Bogearraí frithvíris chuí agus ballaí dóiteáin a úsáidtear chun sláine agus slándáil sonraí a phróiseáiltear go leictreonach a chosaint.
- Aitheantóirí uathúla do gach úsáideoir a bhfuil rochtain acu ar shonraí.
- Níl rochtain ag fostaithe ach ar shonraí pearsanta a theastaíonn uathu chun a gcuid post a dhéanamh.
- Slándáil chuí nuair a cheadaítear cianrochtain.
- Cripitiú sonraí atá á gcoinneáil ar ghléasanna iniompartha.
- Nósanna imeachta maidir le sárú sonraí.
- Slándáil fhisiciúil chuí.
- Oiliúint agus feasacht foirne.
- Monatóireacht a dhéanamh ar an bhfoireann a bhfuil rochtain acu ar shonraí.
- Rochtain fhisiciúil ar chórais TF agus ar réimsí ina stóráiltear sonraí páipéarbhunaithe a rialú.
- Beartas glandeisce a ghlacadh.
- Teicnící iomchuí chun sonraí a scriosadh.
- Cúltacaí sonraí lasmuigh den láthair a bheith ann.

Áiritheoidh an dá Pháirtí go gcloífear leis na caighdeáin slándála is iomchuí maidir le haistriú sonraí pearsanta faoin gcomhlíonadh sin.

Áiritheoidh an Páirtí/na páirtithe a fhaigheann sonraí go mbeidh sé d'oibleagáid ar gach duine a bhfuil rochtain acu ar na sonraí pearsanta agus a phróiseálann na sonraí pearsanta na sonraí pearsanta a choinneáil faoi rún.

Áiritheoidh an Páirtí/na páirtithe a fhaigheann sonraí go gcuirfear oiliúint chuí ar fhostaithe a bhfuil rochtain acu ar na sonraí agus go mbeidh siad ar an eolas faoina bhfreagrachtaí maidir le cosaint sonraí i leith na sonraí sin.

Beidh rochtain ar na sonraí a sholáthraíonn an Páirtí a nochtann sonraí teoranta do dhaoine ar bhonn na pribhléide is lú, ar leor iad chun ligean do na daoine sin a ról a chomhlíonadh.

Coinneoidh gach Páirtí na sonraí slán agus cinnteoidh sé go n-aistreofar go slán iad de réir nósanna imeachta an chomhaontaithe seo.

## 11.2 Bearta Slándála Breactha

Chun críche an chomhaontaithe seo, ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar na coimircí sonraí a leagtar amach sna hailt agus sna fo-ailt seo a leanas:

- 11.2.1 –Príomhghníomhaireachta/Príomhpháirtí ag Nochtadh Sonraí
- 11.2.2 – Páirtí/Páirtithe a fhaigheann Sonraí
- 11.2.3 – Sáruithe agus Tuairisciú Sonraí

### 11.2.1 Príomhghníomhaireacht/ Páirtí Ag Nochtadh Sonraí

Ba cheart don Phríomhghníomhaireacht/Príomhpháirtí a nochtann sonraí sa socrú comhroinnte sonraí na ceisteanna seo a leanas a chomhlánú.

Ba cheart gach ceist a fhreagairt ar bhealach nach gcuireann isteach ar aon bhearta slándála atá i bhfeidhm.

| **11.2.1.1** | **TARCHUR** | **COMHLÍONANN** | **NÍ CHOMHLÍONANN** |
|---|---|---|---|
| | **NÍ CHOMHLÍONANN**<br>**Nuair a bhíonn sonraí á dtarchur ón Phríomhghníomhaireacht/Phríomhpháirtí a nochtann sonraí don pháirtí / do na páirtithe a fhaigheann sonraí, bíonn seirbhísí criptithe sonraí láidre (nó a leithéid) in úsáid.**<br>Tabhair sonraí, le do thoil. | ☒ | ☐ |
| | | Nuair a bhíonn sonraí pearsanta roinnte á dtarchur, baintear úsáid as deimhnithe slándála cuí agus an leibhéal criptithe is airde atá ar fáil chuige sin.<br>Criptítear sonraí pearsanta ar fos go dtí an leibhéal is airde atá ar fáil.<br>Ní mór do na páirtithe lena mbaineann prionsabail an údaráis is lú a leanúint. Ní cheadaítear ach do dhaoine údaraithe chun féachaint ar na sonraí pearsanta é sin a dhéanamh.<br>Ceadanna úsáideora cuí i bhfeidhm chun é sin a chinntiú | |

Tábla 11.2.1

| **11.2.1.2 – RÁITEAS SLÁNDÁLA** | |
|---|---|
